AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.1.2024
COM(2024) 23 final

ANNEXES 1 to 2

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann le

Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

maidir le hinfheistíochtaí coigríche isteach san Aontas a scagadh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

{SWD(2024) 23 final} - {SWD(2024) 24 final}

IARSCRÍBHINN I

Tionscadail nó cláir atá chun leas an Aontais

1. Réamhbheart maidir leis an gclár nua GOVSATCOM de chuid an Aontais a ullmhú

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, agus go háirithe Airteagal 58(2)(b) de (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj).

2. An Clár Spáis

Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj).

3. Clár an Aontais um nascacht shlán

Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 (IO L 79, 17.3.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/588/oj).

4. Fís 2020 lena n-áirítear cláir thaighde agus forbartha de bhun Airteagal 185 CFAE, agus comhghnóthais nó aon struchtúr eile arna chur ar bun de bhun Airteagal 187 CFAE

Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear ‘Fís 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-20)’ agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1291/oj).

5. Fís Eorpach, lena n-áirítear cláir thaighde agus forbartha de bhun Airteagal 185 CFAE, agus comhghnóthais nó aon struchtúr eile arna chur ar bun de bhun Airteagal 187 CFAE

Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).

6. Clár Taighde agus Oiliúna Euratom 2021-2025

Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-25 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena leasaítear Rialachán (Euratom) 2018/1563 (IO L 167I, 12.5.2021, lch. 81, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/765/oj).

7. Gréasáin thras-Eorpacha Iompair (TEN-T)

Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1315/oj).

8. Gréasáin thras-Eorpacha Fuinnimh (GTE-F)

Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1364/2006/CE agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 713/2009, Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 (IO L 115, 25.4.2013, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/347/oj).

9. Gréasáin thras-Eorpacha Teileachumarsáide [1]

Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir le treoirlínte le haghaidh gréasáin thras-Eorpacha i réimse an bhonneagair teileachumarsáide agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1336/97/CE (IO L 86, 21.3.2014, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/283/oj).

10. An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa

Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1153/oj).

11. An Clár don Eoraip Dhigiteach

Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/694/oj).

12. An Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta

Rialachán (AE) 2018/1092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais (IO L 200, 7.8.2018, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1092/oj).

13. Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, agus go háirithe Airteagal 58(2)(b) de (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj).

14. An Ciste Eorpach Cosanta

Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/697/oj).

[1] Coimeádtar Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 san Iarscríbhinn seo i bhfianaise Airteagal 27(2) de Rialachán (AE) 2021/1153 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014.

15. An Gníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin (ASAP)

Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) (IO L 185, 24.7.2023, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1525/oj).

16. An Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch (EDIRPA)

Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) (IO L 2023/2418, 26.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2418/oj).

17. Buanchomhar struchtúrtha (PESCO)

Cinneadh (CBES) 2018/340 ón gComhairle an 6 Márta 2018 lena mbunaítear liosta na dtionscadal atá le forbairt faoi PESCO (IO L 65, 8.3.2018, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/340/oj).

Cinneadh (CBES) 2023/995 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2023 lena leasaítear agus lena nuashonraítear Cinneadh (CBES) 2018/340 lena mbunaítear liosta na dtionscadal atá le forbairt faoi PESCO (IO L 135, 23.5.2023, lch. 123, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/995/oj).

18. An Comhghnóthas Eorpach um ITER

Cinneadh 2007/198 (Euratom) ón gComhairle an 27 Márta 2007 lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus buntáistí a thabhairt dó (IO L 90, 30.3.2007, lch. 58, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2007/198/oj).

19. Clár EU4Health

Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ('Clár EU4Health') don tréimhse 2021-27, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/522/oj).

20. Teachtaireacht maidir le Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gcoitinne

Tá tuairisc orthu sa Teachtaireacht ón gCoimisiún - Critéir maidir le hanailís a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na státchabhrach don mhargadh inmheánach chun cur i gcrích tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn (2021/C 528/02) (IO C 528/10, 30.12.2021, lch. 10) dá dtagraítear ar shuíomh gréasáin sheirbhísí an Choimisiúin.[2]

[2] https://competition-policy.ec.europa.eu/state-aid/ipcei/approved-ipceis_en

IARSCRÍBHINN II

Liosta na dteicneolaíochtaí, na sócmhainní, na saoráidí, an trealaimh, na líonraí, na gcóras, na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha lena mbaineann tábhacht ar leith chun leas shlándáil nó ord poiblí an Aontais

1. Ítimí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (liosta coiteann na n-ítimí dé-úsáide atá faoi réir rialuithe onnmhairiúcháin)

2. Trealamh a chumhdaítear le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairí teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh)

3. Na réimsí teicneolaíochta criticiúla seo a leanas le haghaidh shlándáil eacnamaíoch an Aontais atá i gceangal le Moladh (AE) 2023/2113 ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2023 maidir le réimsí teicneolaíochta criticiúla le haghaidh shlándáil eacnamaíoch an Aontais i gcomhair measúnú riosca breise leis na Ballstáit:

   a. Teicneolaíochtaí leathsheoltóirí ardfhorbartha:

      - micrileictreonaic, próiseálaithe san áireamh
      - teicneolaíochtaí fótónaice (léasair ardfhuinnimh san áireamh)
      - sliseanna ardmhinicíochta
      - trealamh monaraíochta leathsheoltóirí ar nódmhéideanna fíor-ardfhorbartha

   b. Teicneolaíochtaí intleachta saorga:

      - an ríomhaireacht ardfheidhmíochta
      - néalríomhaireacht agus imeall-ríomhaireacht
      - teicneolaíochtaí anailísíochta sonraí
      - amharc ríomhaireachtúil, próiseáil teanga, réad-sainaithint

   c. Teicneolaíochtaí candamacha:

      - ríomhaireacht chandamach
      - cripteagrafaíocht chandamach
      - cumarsáid chandamach
      - brath agus radar candamach

   d. Bith-theicneolaíochtaí:

      - teicnící géinmhodhnaithe
      - teicnící géanómaíochta nua
      - géinfhuadar
      - bitheolaíocht shintéiseach

   e. Teicneolaíochtaí nascachta, loingseoireachta agus digiteacha:

      - Cumarsáid agus nascacht dhigiteach shlán, amhail RAN agus Open RAN (Líonra Rochtana Raidió) agus 6G

- Teicneolaíochtaí cibearshlándála, an cibearfhaireachas, córais slándála agus ionraidh, fóiréinsic dhigiteach san áireamh
- Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus an Réaltacht Fhíorúil
- Teicneolaíochtaí mórleabhar dáilte agus céannachta digití
- Teicneolaíochtaí treoraíochta, teicneolaíochtaí loingseoireachta agus rialaithe, lena n-áirítear eitleonaic agus suí muirí

f. Teicneolaiochtaí braite ardfhorbartha:

- Brath leictrea-optúil, radair, ceimiceach, bitheolaíoch, radaíochta, agus dáilte
- Maighnéadaiméadair, grádaiméadair mhaighnéadacha
- Braiteoirí réimse leictrigh fo-uisce
- Méadair dhomhantarraingthe agus grádaiméadair

g. Teicneolaíochtaí spáis agus tiomána:

- Teicneolaíochtaí spásdírithe tiomnaithe, ó leibhéal comhpháirte go leibhéal córais
- Teicneolaíochtaí spásfhaireachais agus breathnóireachta domhanda
- Suí, loingseoireacht agus uainiú spáis (PNT)
- Cumarsáid shlán, lena n-áirítear nascacht ísealfhithise domhanda (LEO)
- Teicneolaíochtaí tiomána, hipearsonaic agus comhpháirteanna le haghaidh úsáid mhíleata san áireamh

h. Teicneolaíochtaí fuinnimh:

- Teicneolaíochtaí comhleá núicléach, imoibreoirí agus giniúint cumhachta, teicneolaíochtaí tiontaithe/saibhrithe/athchúrsála raideolaíocha
- Hidrigin agus breoslaí nua
- Teicneolaíochtaí glan-nialasacha, fótavoltachas san áireamh
- Eangacha cliste agus stóráil fuinnimh, ceallraí

i. Róbataic agus córais uathrialaithe

- Ladrainn agus feithiclí (san aer, ar talamh, ar dhromchla agus fo-uisce)
- Róbait agus córais ardbheachtais róbatrialaithe
- Eisichreatlacha
- Córais IS-chumasaithe

j. Teicneolaíochtaí ardfhorbartha ábhar, monaraíochta agus athchúrsála:

- Teicneolaíochtaí le haghaidh nana-ábhar, ábhair chliste, ábhair cheirmeacha ardfhorbartha, ábhair faoi choim, ábhair atá sábháilte agus inbhuanaithe de réir dearaidh

- Monarú breiseánach, lena n-áirítear ar an láthair
- Monaraíocht mhicribheachtais rialaithe go digiteach agus meaisíniú/táthú léasair ar mhionscála
- Teicneolaíochtaí le haghaidh amhábhair chriticiúla a eastóscadh, a phróiseáil agus a athchúrsáil (lena n-áirítear eastóscadh hidrimhiotaleolaíochta, bithláisteadh, scagachán nanai-theicneolaíochtbhunaithe, próiseáil leictriceimiceach agus mais dhubh)

4. Táirgí íocshláinte criticiúla atá liostaithe: Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine atá riachtanach d'fheidhmiú cuí chóras cúraim sláinte an Aontais agus a mbeadh a nganntanas ina chúis le briseadh sa chóireáil agus, dá bhrí sin, le díobháil thromchúiseach d'othair, táirgí a liostaítear i liosta an Aontais de tháirgí íocshláinte criticiúla [3].

5. Na heintitis chriticiúla agus na gníomhaíochtaí criticiúla seo a leanas i gcóras airgeadais an Aontais: contrapháirtithe lárnacha[4], córais íocaíochta agus institiúidí íocaíochta[5], institiúidí ríomh-airgid[6], oibreoirí margaidh agus gnólachtaí infheistíochta a oibríonn saoráid trádála iltaobhach nó saoráid trádála eagraithe[7], taisclanna lárnach urrús[8], eisitheoirí móra comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid agus soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a oibríonn ardáin trádála le haghaidh criptea-shócmhainní[9], institiúidí móra[10], soláthraithe

---

3 Liosta an Aontais de tháirgí íocshláinte criticiúla https://www.ema.europa.eu/en/human-regulatory-overview/post-authorisation/medicine-shortages-and-availability-issues/availability-critical-medicines#ema-inpage-item-64278

4 Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/648/oj.

5 Airteagal 4(7) agus Airteagal 4(4) de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2366/oj .

6 Airteagal 2(1) de Threoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí airgid leictreonaigh agus an gnó sin a shaothrú agus maoirseacht stuamachta a dhéanamh air, lena leasaítear Treoracha 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/110/oj.

7 Airteagal 4(1)(18) de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj.

8 Airteagal 2(1)(1) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/909/oj.

9 Airteagail 3(1)(6), 3(1)(7), 3(1)(10), 3(1)(15) agus 3(1)(18) de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcriptea-shócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937, (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj.

10 Airteagal 4(1)(146) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj.

domhanda sainseirbhísí teachtaireachtaí airgeadais agus soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla ainmnithe[11].

[11] Airteagal 3(23) de Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2554/oj.